


## An Chéad Urlár

15. An Forsheomra
16. An Leabharlann
17. An Parlús
18. Staighre Starrmhaide
25. An Staighre Múrach
26. Gailearaí na bPictiúr
27. An Tinteán

**Sa lá atá inniu ann, tá an Forsheomra, an Leabharlann agus an Parlús sa spás mar a athchóiríodh é déanach sa 19ú céad. Insíonn stair an 17ú céad gur sna hárasáin stáit seo a d'fháiltigh Séamus de Buitléir, 1ú Diúc Urmhumhan roimh Nuinteas an Phápa Giovanni Battista Rinuccini le linn Chogaí Comhdhála Éireannacha an chéid sin.**

### An Forsheomra (15)
Tógadh an seomra beag seo agus an seomra faoi san áit a mbíodh staighre cloiche roimhe sin. Tá cruth éilipseach air mar a léiríonn imlíne na síleála crochta.

### An Leabharlann (16)
Is athchruthú dílis é an maisiú inmheánach ar stíleanna troscánaithe lár go deireadh an 19ú céad. A bhuíochas de fhuíoll éadaigh a fuarthas laistiar de chlár sciorta, atáirgeadh an síoda poiplíneach Francach ar na ballaí sa bhunphatrún agus dath ag an ngnólacht Prelle i Lyons sa Fhrainc. Bhí an t-ádh ar an bhfoireann atáirgthe gur thángthas ar an mbunadmháil don bhrat urláir i gcáipéisí na clainne, agus go rabhthas in ann an bunghnólacht a raibh na taifid deartha coimeádta acu a aimsiú.

### An Parlús (17)
Tá an tríú seomra den svuít maisithe sa stíl chéanna agus tá pictiúir ann freisin a mhaireann ó bhunbhailiúchán Urmhumhan.

### Staighre Starrmhaide (18 / 19)
Tá na staighrí seo tógtha as eibhear Éireannach Chill Mhantáin agus tógadh iad go luath sa 19ú céad. Téann siad fhad leis an túr thiar agus leis an mbloc láir ar gach urlár.




## An Dara hUrlár

19. Staighre Starrmhaide
20. Dorchla na Seomraí Leapa
21. An Clóiséad Uisce
22. An Seomra Leapa Gorm
23. An Seomra Leapa Síneach
24. An Staighre Múrach

### Dorchla na Seomraí Leapa (20)
Sa 16ú & 17ú céadta, ba Ghailearaí é seo. Ag an am sin bhí bailiúchán 500 pictiúr ag an gclann, an bailiúchán ba mhó in Éirinn.

### An Seomra Leapa Gorm (22)
Seo ceann de svuít seomraí leapa na balcóine sa Túr Thuaidh, agus tá sé díreach os cionn an tSeomra Taipéise. Cuireadh an Rí Éadbhard VII agus an Bhanríon Alastríona ar lóistín sa svuít seo i 1904.

### An Seomra Leapa Síneach (23)
Tá an seomra leapa seo ceangailte leis an Seomra Leapa Gorm le doirse dúbailte agus tá sé maisithe le hatáirgeadh de chuid na haoise seo de pháipéar balla lámhdhaite Síneach.

### Sciathán Ghailearaí na bPictiúr (26)
Tógadh é seo i rith luathchlár tógála an 19ú céad curtha i gcrích ag an ailtire William Robertson agus tógadh é ar dhúshraitheanna a bhí ann cheana.

### An Staighre Múrach (24 / 25)
Tá sé bunaithe ar ailtireacht Mhúrach agus is mórstaighre eile é san fhoirgneamh seo a bhfuil cruth ciotach aige. Tá sé snoite le duilliúr nádúraíoch agus mionghnéithe ainmhíocha.

### An Tinteán Marmair (27)
Tá sé déanta as marmar Carrara agus ba é J. H. Pollen a rinne an dearadh i stíl quasi-meánaoiseach le snoíodóireacht duilliúir atá luaite le Charles Harrison.

Ní mór leanaí a bheith faoi mhaoirseacht i gcónaí.
Cainteanna laethúla sceidealta i nGailearaí na bPictiúr.
Seomra Tae sa Chistin Victeoiriach.
Cosc ar ghrianghrafadóireacht/scannánaíocht.
Suíomh Gréasáin: www.kilkennycastle.ie
Teil: + 353 56 770 4100
Airithintí: + 353 56 770 4106, john.burke@opw.ie
Oifig na nImeachtaí: + 353 56 770 4108, anne.teehan@opw.ie

# Caisleán Chill Chainnigh

Treoir do Chuairteoirí





Cathair Chill Chainnigh

# Caisleán Chill Chainnigh

**Seasann an caisleán go maorga ar ard straitéiseach ag féachaint anuas ar áit trasnála ar An bhFeoir agus tá sé i gceannas ar Bhaile Ard Chathair Chill Chainnigh.**



Tá go leor sintí agus athruithe déanta ar chreatlach an fhoirgnimh le linn na n-ocht gcéad bliain gurb ann dó, agus sa lá atá inniu ann is struchtúr casta é Caisleán Chill Chainnigh ina bhfuil stíleanna éagsúla ailtireachta. Thóg William Marshal, 4ú Iarla Pembroke (c. 1146-1219) an bunchaisleán cloiche Angla-Normannach le linn na chéad deich mbliana den 13ú céad. Bhí Caisleán Chill Chainnigh ina dhiaidh sin ina phríomháit chónaithe in Éirinn ag clann chumhachtach de Buitléir go ceann 600 bliain beagnach. Thosaigh úinéireacht na mBuitléarach nuair a cheannaigh Séamus (c.1360-1405), 3ú Iarla Urmhumhan, an caisleán c.1391, agus mhair sí go dtí 1967 nuair a bhronn Art, 6ú Marcas Urmhumhan (1893-1971), ar phobal Chill Chainnigh é agus íocaíocht chomharthach £50 faighte aige mar chúiteamh. Dhíol an chlann gach a raibh sa chaisleán, nach mór, i gceant a mhair deich lá i 1935. Tá na foirgnimh i gcúram Oifig na nOibreacha Poiblí ó 1969 i leith.





## Bunsraith Mheánaoiseach

1. Closamharc *(Rochtain tríd an gClós)*
2. Dorchla Ghairdín na Rósanna
3. Siléar an Pholl Éalaithe
4. Bun an Túir Thiar *(Crochta Íochtair)*
5. Dorchla na Cistine
6. Gailearaí na mBuitléireach
7. Cistin an Chaisleáin *(Seomra Tae)*



## Urlár na Talún

8. An Parlús Síneach
9. An Seomra Bia Stáit
10. Dorchla Iontrála
11. Fáiltiú (Ticéid, Clostreoir)
12. Halla Iontrála
13. An Mór-Staighre
14. An Seomra Taipéise

**Leagadh an bhunsraith mheánaoiseach sa 13ú céad. Síneann an bealach isteach síos réim ghairid chéimeanna agus faoi Léibheann Ghairdín na Rósanna, casann sé ansin faoin gcaisleán go dtí an Túr Thiar, ar tugadh Túr Strongbow air ar dtús.**

### Bun an Túir Thiar – an Crochta Íochtair (4)

Sa seomra ciorclach seo, tá olldhoimhne na mballaí ón 13ú céad soiléir. Tá dhá fhuinneog saigheadlúbtha géarthitimeacha chomh maith le hiarsma de 'lárú' chaoladóireacht sailí ar an síleáil, próiseas a úsáideadh chun tacú leis an mboghta le linn na tógála.

### An Parlús Síneach (8)

Athchruthaíodh an seomra seo de réir bhunmhaisiú na n-1830aidí sna 1990aidí. Tá fuill pháipéar balla lámhdhaite Síneach ó 1810 ar na ballaí go fóill. D'ordaigh béasaíocht na sochaí sa 19ú céad go dtagadh na mná isteach sa pharlús tar éis an dinnéir, fhad is a chleachtaíodh na fir nósanna neamhbhanúla mar chaitheamh todóga agus ól portfhíon agus branda.

### An Seomra Bia Stáit (9)

Ba é seo seomra bia foirmiúil an Chaisleáin go dtí na 1860aidí nuair a rinneadh seomra billéardaí de. Bhíodh dhá sheomra bia i dtithe na n-uaisle de ghnáth, seomra amháin d'ócáidí foirmiúla agus ceann eile don ghnáthlá. Tá páipéar balla lámh-mhúnlaithe ar a dtugtar Vernis Versailles ar na ballaí.

### An Dorchla Iontrála (10)

Sa 19ú céad, cuireadh síneadh leis an dorchla ar an dá thaobh ó bhealach isteach do charráistí faoi dhíon ar ar tugadh ar dtús porte-cochère. Chuir sé seo gné Ghotach leis an taobh amuigh agus ar an taobh istigh cheangail sé na sciatháin thoir agus thiar.

### Fáiltiú (11)

Le linn saolré an chaisleáin athraíodh ainmneacha agus feidhmeanna seomraí de réir mar a d'athraigh an faisean. Léirítear an fáiltiú i bpleananna ón 19ú céad mar " an seomra seirbheála".

### Halla Iontrála (12)

Tá halla iontrála anseo ó atógáil an chaisleáin sa 17ú céad. Rinneadh an doras thuaidh tríd an imbhalla ollmhór a athmhúnlú faoi dhó sa 19ú céad. Marmar Chill Chainnigh agus gaineamhchloch áitiúil atá san urlár cloiche dubh agus bán, agus ceaptar gurbh ann dó ón 19ú céad.

### An Mór-Staighre (13)

Ba é an gnólacht áitiúil R. Furniss and Son, a dhear agus a rinne an staighre mahagaine seo ón 19ú céad i gCill Chainnigh agus téann se fhad leis an Seomra Taipéise, agus casann sé ansin chun dul fhad leis an gcéad urlár.

### An Seomra Taipéise (14)

Tá an seomra seo sa Túr Thuaidh ina bhfuil ballaí tiubha ón 12ú céad. Léiríonn cruth poll eochrach na síleála mar ar cuireadh túr cearnógach leis an gcloigtheach go luath sa 15ú céad. San 18ú céad, crochadh sraith de thaipéisí atá á gcaomhnú faoi láthair sa Mhonarcha Ríoga Taipéise i Maidrid, ar na ballaí.